Raṫ Ḃoṫ na nGael

Ní sean ríoġaċt de ċuid na hÉireann nó cinne ársa Gael amháin atá le fáil i Raṫ Ḃoṫ, aċ san Díoġóise sin tá bealaċ beaṫa agus teanga ár sinnsear caoiṁnuiṫe go fóill.

Den ċeiṫre scór míle ḋuine san Díoġóise tá ċóir a ḃeiṫ leaṫ daofa ina gcainnteoirí dúċais agus corraḋ mór leis an tríú cuid daofa a ḃfuil an Ġaeilge ina ġnáṫeanga acu fós.

Tá Gaeltaċt Ċonnaċt briste suas idir Díoġóistí na Gaillimhe, Tuama agus Cill Alaiḋ, aċ tá iomlán Gaeltaċt Ulaḋ go dlúṫ i gcionn a ċéile san aon Díoġóise amháin i Raṫ Ḃoṫ.

Mar sin de, sí Raṫ Ḃoṫ an Díoġóise is mó Gaeltaċt agus an Díogóise is Gaelaí in Éirinn uile.

Tá 12 de na paráistí is mó san díoġóise ins an fíor-ġaeltaċt agus 28 de na toiġṫe pobail.

As an 88,000 timpeall de ṗobail a bí ins an Díoġóise de réir Áireaṁ 1961, tá ós cionn 36,000 ina gcainteoirí dúċais agus corraḋ le 10,000 eile a ḃfuil eolas coṁ maiṫ acu ar an Ġaeilge agus go dtiocfaḋ leo iomlán gnóiṫí Creidiṁ a leanstan san teanga sin.

Ins na trí paróistí, Gort a' Ċoirce, Gaoṫ Doḃair agus Anagaire, atá sínte lena ċéile agus a ḃfuil amaċ agus isteaċ ar 13,000 daoine ionta, tá iomlán ina gcainteoirí dúċais Gaeilge.

Tá an ceaṫrú cuid de Ġaeltaċt na hÉireann ins na trí paráiste seo agus an Ġaeltaċt is dlúṫa agus is coṁgaraí agus is mó i gcionn a ċéile san tír uilig.

Is anseo atá an coṁ-ṫionól daoine is mó san tír arḃ í an Ġaeilge a ngná-ṫeanga ó Luan go Saṫarn. Ins na tiṫe pobail seo inár ndiaiḋ níl feiḋm le focal Béarla ċor ar biṫ ag freastail ar ġnóiṫí an ṗobail agus ar ċúrsaí Creidiṁ agus níl in aon díoġóise eile nó in aon ċuid eile de Éirinn an méid céanna de tiṫe pobail arḃ í gnáṫ ṫeanga an ṗobail an Ġaeilge ar fad, agus naċ ḃfuil feiḋm le focal Béarla i ngnaiṫe Creidiṁ ó ceann ceann na bliana:—

Cill Ċárṫa,
An Ċarraig,
Mín an Aoḋaire,
Gleann Ċolmcille,
Éadan Anfá,
Baile na Finne,
Litir Bruic,
An Duḃċarraiġ,
Litir Ṁic a' Ḃáird,
Árainn Ṁór,
Anagaire,
Mín Uí Ḃaoill,
Doire Beaga,
Dún Lúiċe.
Cnoc Fola,
Toraiġ,
Gort a' Ċoirce,
Fálċarraċ,
Ros Goill,
Ceann Caslaċ,
Na h-Acraí,
An Cloċán,
Na Gleanntaí,
Árd a' Ráṫa.
Cnoc an Aifrinn,
Faṫán a' Ṁoltaí,
Mín an Labáin,
Gleann Finne.

agus coṁ maiṫ le sin tá tromlaċ an ṗobail nó cuid ṁaiṫ den ṗobal ina gcainteoirí dúċais Gaeilge ins na toiġṫe pobail seo.—

Carraig Áirt,
An Cloċán Liaṫ.

Ó'n tsean aimsear anuas bí an Creideaṁ agus an teanga i gcónaí ceangailte in intinn Ḋún na nGall. Ba ṁór a ċaḃraiġ Mánaiġ Naoiṁ Proinsias a bí ag freastal ar na daoine le linn droċ ḋlíṫe an Ċreidiṁ leis an ċeangal seo. Is dílis a leanas pobal Ḋún na nGall don Ċreideaṁ agus den teanga agus go mion minic na h-imirceoirí a ṡocraíos síos in Albain agus i Sasana agus i Meiricea, cé go ḃfágann siad an Ġaeilge ina ndiaiḋ mar ġná-ṫeanga, teagascann siad i gcónaí a gcuid paidreaċa dá gclann i dteanga a n-aṫara, i dteanga Ṫír Conaill.

Tá saiḃreas milteanaċ dánta diaḋa agus iomainne le fáil fríd Ġaeltaċt Ḋún na nGall agus tá cuiṁne fós ar an dóiġ ar ġnáṫaċ na h-iomainn seo a ċanaḋ ar Ḟairí san tsean diaḋa seo. Tá cuid ṁaiṫ acu bailiṫe ag Anraoi Ó Muiríosa i nDánta Diaḋa Ulaḋ aċ is iomaí ceann ar' le fáil go fóill nár scríoḃaḋ síos ariaṁ fríd Ġaeltaċt Ḋún na nGall.

Coṁar ċun Ṁónaḋ

Forbairt úr atá ar siúl ag Coṁar an Eargaill, Mín an Aoḋaire, ná soláṫar móna ó ṗortaċ a ċeannaiġ siad ag Loċ Inse, Gleann Colmcille. Tá siad ag obair ar ḃaint na móna le tamall anois, agus tá siad a' brat 1,000 tonna móna a ḃaint agus a ṫairiscint do tiṫe agus feirmeoirí insan ċeantar naċ ḃfuil a' baint a gcuid móna féin.

Tá inneall bainte Lilliputt atá ḋá ṫiomáint ag inneall 90 eaċ-ċuṁaċt abálta 30 slat de ḃaċta 3 troiġ le 3 troiġ 3 orlaí ar leiṫéid, agus 4 troiġ ar doiṁne, a ḃaint insan uair. Is ionann sin agus soláṫar de ċeiṫre tonna móin tirim sa uair. Fuair siad an t-inneall seo ó Ċoṁluċt Siúicre Éireann. Tá gléas spréiṫe uaṫoibríṫeaċ, a scaoṫann an ṁóin nua-ḃainte go coṫrom i róḃanna 15 slat ar leiṫéid.

Fostaiṫe de Ċoṁar an Eargaill a ḋéanfas giollaċt ar an ṁóin, agus ansin díolfar le daoine príoṁáideaċa agus dreamanna eile é.

Díoġóise Raṫ Ḃoṫ

Díoġóise is mó Cainteoirí Dúċais i nÉirinn Uile

Is uasal ára an dioġóise Raṫ Ḃoṫ an dioġoise is mó ar fad a ḃfuil Gaeltaċt intí san lá inniu.

Is dóiġ gur oirdniġ Pádraig féin Easpaig do ḋúiċe Dún na nGall. Tá fios againn go raiḃ Aileaċ ina ríoċt ,ina ċeann dena seaċt ríoċta díreaċ roiṁ ṫeaċt Ṗádraig.

Ba le Conall Golban an ċuid de Áileaċ idir Eirne agus Feaḃail, agus nuair a ḃaist Pádraig é ag Doṁnaċ Pádraig, ṁeas Conall go raiḃ gairm ċun na hEaglaise aige, agus bí sé ċun gaċ rud do ṫaḃairt suas ar a ṡon. Aċ, dúirt Pádraig leis go raiḃ gnó eile ag Dia do, agus ṁarcáil sé le Baċall Íosa an Ċros ar armas Ċonaill, agus bí an Ċros ar armas na nDoṁnallaċ ariaṁ ina ḋiaiḋ.

Nuair a h-aṫraíoḋ Conall Golban ċun an Ċreidiṁ agus go raiḃ an Ċríostaíoċt in uaċtar i dTír Ċonaill, tá gaċ seans gur ċoisreac Pádraig Easpag le ḃeiṫ os cionn na hEaglaise insan ċeantar.

Tá scéal ann go raiḃ Pádraic ag dul treasna na h-Eirne leis an ríoċt a ḃeannú, aċ gur stad a ċuid capall trí h-uaire, i lár na h-aḃna, agus an tríú uair, go ndearna Pádraig fáistine agus tarrangaireaċt naċ raiḃ feiḋm do an dúiċe a ḃeannú, nó go n-éireóḋ mac de Ċineal Ċonaill suas a ḃeannóḋ an dúiċe, agus a raċaḋ a ainm níos fuide nó ainm Ṗádraig féin. Tagairt do Ċolmcille ab ea seo, agus is do Ċolmcille is mó a ṫéid scéaltaí na Críostaíoċta i dTír Ċonaill siar.

Bí Tír Ċonaill uilig Críostaí sula dtáiniġ Colmcille ar an tsaol, agus Críostaiṫe ab ea a aṫair agus a ṁáṫair. Bí fís ag a ṁáṫair sul ar rugaḋ é a léiriġ dí árd-réim Ċolmcille ar son Dé.

Níl aon eolas cinnte againn goidé mar bí stiúrú na hEaglaise le na linn, aċ ba coṁarba de ċuid Ċolmcille in Oileán Í — Aḋaṁnan Naofa — a airṁitear mar an ċéad Easpag Stairiúil ar Dioġóise Raṫ Ḃoṫ agus ríoċt Ċine Ċonaill.

Níor coinníoḋ tuairiscí go cruinn beaċt ins na laeṫa úd, nó má coinníoḋ milleaḋ iad ó ṡin, agus níl liosta iomlán de Easpaig Raṫ Ḃoṫ againn ó aimsir Aḋamnan anuas. Aċ, ó lár na 9ú aoise, tá liosta measarṫa iomlán agus seo ṫíos in ar ndiaiḋ ainmneaċa na n-Easpag léannta Naofa a rialaiġ dioġóise Raṫ Ḃoṫ ó lár na 9ú Aoise i leiṫ go dtí 1923 nuair a rinneaḋ Easpag don Doċtúir Ro-Oirṁinneaċ Mac Confaola, a d'éag bliain ó ṡin.

Coṁarbaí Aḋaṁnáin

850 A.D.	Maoldúin Mac Duirnín.
930 A.D.	Maoldúin Mac Cionnġaola.
957 A.D.	Aonġus Ó Laċain.
1160 A.D.	Giolla Comail Ó Ciaráin.
1173	Muireaḋaċ Ó Coṫbaiḋ.
1203	Maol Íosa Ó Daoraiġ.
1253—1261	Pádraig Ó Scanlain.
1261—1265	Eoin de Ailineto
1266—1275	Cairbre Ó Scoba
1275—1299	Florens Ó Friġill.
1299—1306	Tomás Ó Nantain.
1306—1319	Anraí Mac Crossain.
1319—1337	Tomás Ó Doṁnaill.
1366	Pádraig Mac Maonagail.
1366—1367	Risteard Mac Crossain.
1367—1398	Concuḃar Mac Cormaic Ó Doṁnaill.
1398—1409	Seán Mac Meanmain.
1409—1413	Antoin
1413—1414	Riobard Muiġ Baire.
1415—1419	Seán Mac Cormaic.
1419—1438	Labras Ó Gallċoḃair.
1438—1440	Seán Mac Giolla Ḃríde.
1443—1477	Labras Ó Gallċoḃair.
1484—1513	Maonalás Mac Carmacain.
1515—1533	Niall Ó Caṫain.
1533—1534	Cuintinius Ó hUiginn, O.P.
1534—1543	Éamonn Ó Gallċoḃair.
1547—1561	Art Ó Gallċoḃair.
1562—1589	Doṁnall Mac Congaile.
1591—1611	Niall Ó Baoiġill.
1626—1661	Seán Ó Cuilleanáin.
1661—1695	An dioġóise á rialú ag Biocairí Ginirealta.
1695—1724	Feargus Labras Ó Liaġa.
1725—1737	Séamas Ó Gallċoḃair.
1750—1755	Antoin Ó Doṁnaill.
1755—1758	Naṫaniel Ó Doṁnaill.
1759—1782	Pilib Ó Raġallaiġ.
1782—1801	Antoin Mac Coṁgaill.
1802—1819	Peadar Mac Loċlainn.
1820—1821	Pádraig Mac Eiteiogain.
1861—1870	Doṁnall Mac Eitiogain.
1871—1879	Séamas Mac Dáibid.
1879—1888	Micéal Ó Luaḋóg (Cairdinéal).
1888—1923	Pádraig Ó Doṁnaill (Cairdinéal).

Árd a' Ráṫa

Tá an iascaireaċt go maiṫ ar an Aḃainn Aoiḋ, ċoṁ maiṫ agus bí sé ariaṁ i mí na Bealtaine, ⁊ d'éiriġ go maiṫ le baill de Cumann Iascairí Árd a' Ráṫa agus cuairteoirí. Fuarṫas cuid ṁaiṫ bradáin ar an aḃainn i riṫ na seaċtaine seo caite.

Clár Radio

Dé hAoine—5.1, St. Pappin's Junior Orchestra. 5.30, The Good Man. 5.55, Weather Orchestra. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal o[...] Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Terry Awhile. 8.1, Irish Dance Music. 8.15, Melody from Munster. 8.45, An tEireannach a Chlobhuail Dearbhu Saoirse Mheiricea. 9.1, Choral and Orchestral Concert. 10.30, Around the Town.

Dé Sathairn—5.1, Piano Novelties. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News. 7.15, Music Beyond Compare. 7.45, Suil Siar. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, The R-E-L-O Show. 9.45, Dick Haymes Sings. 10.30, European Boxing Championships. 11.0, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 11.30, Church of Ireland Service of Morning Prayer. 12.30, Step Together Grow Together. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall To-night. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, The Burning of Wild Goose Lodge. 3.55, G.A.A. National Hurling League Home Final: Kilkenny v. 5.30, Down the Country. 5.55, Tipperary. 5.20, Ceol Do Phaisti. Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. 8.0, W. B. Yeats Centenary Productions: "Cathleen Ni Houlihan"; "The Green Helmet." 8.50, On and Off. 9.0, Music of the Nation. 9.30, Public and Private Faces. 10.0, Newspoint. 10.20, News. 10.35, European Boxing Championships. 11.05, Cork International Choral Festival 1965.

Dé Luan—5.01, Out of Doors. 5.15, Folk Songs from Many Lands. 5.30, The Good Man. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, What Are They Talking About? 8.1, Tarlach Mac Suibhne, Piobaire Mor Ghaoth Dobhair. 8.30, The Bible and Life. 8.45, Poetry Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, European Boxing Championships.

Dé Mairt—5.1, The Chinese Lantern. 5.15, Songs With Guitar. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Attested Store Cattle Sales. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This Is Your Business. 7.45, Irish Music from Hamburg. 8.1, Riverside Serenade. 8.30, Na Bris Reacht. 9.1, Symphony Concert. 9.55, Records. 10.30, Today in the Dail. 10.45, European Boxing Championships.

Dé Ceadaoin—5.01, Gerry and Flip. 5.15, Records For Children. 5.30, Junior Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements. 6.45, Merry-Go-Round. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, European Boxing Championships. 11.15, Pop Call.

Deardaoin (Ascension Thursday)—10.30, High Mass for the Feast of the Ascension. 5.1, An Caiseal Draiochta. 5.30, Three Irish Poets. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, What Are They Talking About? 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, His Own Defence. 8.1, The Swing Years. 8.30, Between Ourselves. 9.1, A Day's Outing. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Na hUdair Fein ag Caint. 10.30, Recital.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.